


ÓDF



Ombudsman d'Óglaigh
na hÉireann
Tuarascáil Bhliantúil 2023



01 D 8518

Clár Ábhar

Gluais Téarmaí agus Giorrúcháin	3
a úsáidtear sa Tuarascáil	5
Cairt Chustaiméirí Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann	6
Réamhrá do Thuarascáil Bhliantúil OÓÉ 2023	10
Conas a sheolann OÓÉ imscrúdú?	12
Ceartha Daonna & Comhionannas – Dualgas na hEarnála Poiblí	14
Anailís ar Ghearáin agus Imscrúduithe in 2023	19
Achoimre ar Chásanna	32
Gnóthaí Corparáideacha	32
Athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha	32
Airgeadais	33
Cosaint Sonraí	33
Comhairle Bharra na hÉireann	33
Sláinte & Sábháilteacht	35
Saoráil Faisnéise	52

Ba mhaith le hOmbudsman Óglaigh na hÉireann buíochas a ghabháil le Preasoifig Óglaigh na hÉireann as na grianghraif sa Tuarascáil Bhliantúil a sholáthar.



Gluais Téarmaí agus Giorrúcháin a úsáidtear sa Tuarascáil

DF	Óglaigh na hÉireann
AC	an tAerchór
Bde	Briogáid
Bn	Cathlán
COMO	Oifigigh Choimisiúnaithe Oifig Bainistíochta
COS	Ceann Foirne
Coy Comdr	Ceannasaí Complachta
DCOS (Sp)	Leas-Cheann Foirne, Tacaíocht
DFHQ	Ceanncheathrú Óglaigh na hÉireann
DFR	Rialachán d'Óglaigh na hÉireann
DFTC	Ionad Traenála Óglaigh na hÉireann
EPMO	Oifig Bainistíochta Pearsanra Liostaithe
FOCNS	Oifigeach Bratach i gCeannas na Seirbhíse Cabhlaigh
GMO	Oifig Bainistíochta Sásaimh
GOC	Oifigeach Ginearálta i gCeannas
IO/MIO	Oifigeach Imscrúdaithe Míleata
MO	Oifigeach Leighis
NCO	Oifigeach Neamhchoimisiúnaithe
NS	An tSeirbhís Chabhlaigh
OC	Oifigeach i gCeannas
ODF	Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann
OOM	Liosta Ord Fiúntais
PDF	Buanfhórsa Cosanta
PDFORRA + RACO	Cumainn Ionadaíochta do Phearsnra ar Fónamh
PO	Mionoifigeach (An tSeirbhís Chabhlaigh)
RDF/FCA	Óglaigh Cúltaca
Moltaí	Moltaí curtha faoi bhráid an Aire Cosanta mar a fhoráiltear in Alt 7 den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004
RO	Gnáthorduithe
ROW	Sásamh Éigóracha
Sec Coy	Complacht Díonachta
Tech	Teicneoir
Unit Comdr	Ceannasaí Aonaid



Cairt Chustaiméirí Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann

Bunaíodh an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann le dlí chun próiseas achomhairc neamhspleách reachtúil a sholáthar trína bhféadfadh comhaltaí d'Óglaigh na hÉireann, a bhfuil gearán próiseáilte acu tríd an gCóras um Shásamh Éagóracha, ach atá fós míshásta leis an toradh, a gasaoid a tharchur chuig an Ombudsman le haghaidh léirmheas a dhéanamh uirthi. Glacann an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann freisin le gearáin a dhéanann baill reatha agus iarchomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann go díreach, faoi réir coinníollacha áirithe.

De bhun ailt 4 agus 6 den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004, féadfaidh an tOmbudsman, le heisceachtaí áirithe, gníomh a rinne comhalta d'Óglaigh na hÉireann nó státseirbhíseach de chuid na Roinne Cosanta, a imscrúdú, cé acu

- (a) Go ndearnadh, nó go bhféadfaidh sé go ndearnadh, dochar do ghearánach, már rud é
- (b) Go raibh nó bhféadfadh gur tógadh an gníomh –
 - (i) gan údarás cuí,
 - (ii) ar fhorais nach mbaineann le hábhar,
 - (iii) mar thoradh ar faillí nó míchúram,
 - (iv) go bhfuil an gníomh bunaithe ar fhaisnéis earráideach nó neamhiomlán,
 - (v) idirdhealaitheach go míchuí,
 - (vi) míréasúnta, d'ainneoin an chomhthéacs míleata atá i gceist,
 - (vii) go bhfuil an gníomh bunaithe ar chleachtas riaracháin neamh-inmhianaithe, nó
 - (viii) go bhfuil an gníomh contráirta ar shlí eile do riaracháin cóir nó fónta,
- (c) Nár eisíodh an t-ordú mar chuid d'oibríocht mhíleata, agus
- (d) i gcás comhalta ar fónamh d'Óglaigh na hÉireann, ní dócha go réiteofar an cheist, agus sáraíodh tréimhse 28 lá ó rinneadh an gearán faoi Alt 114 den Acht 1954.

Ina theannta sin, d'fhéadfadh an tOmbudsman imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin a bhaineann le piónósú toisc gur rinneadh Nochtadh Cosanta (Atl 20), an tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014).

Fóráiltear in Alt 6(3) den Acht go bhfuil teorainneacha ama ann chun gearáin a chur in iúl don Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann mar seo a leanas: -

- (3) Déanfaidh gearánach gearán dá dtagraítear i bhfo-ailt (1) agus (2) tráth na ch déanaí ná 12 mí ó –
 - (a) dháta na gníomhartha lean mbaineann, nó
 - (b) ón dáta a tháinig an gearánach ar an eolas faoin gcaingean, cibé acu is déanaí.

Déanann an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann a dhícheall imscrúdú a dhéanamh ar chásanna ar bhealach atá cóir, sothuigthe agus inrochtana.

1 Réamhrá:

Réamhrá do Thuarascáil Bhliantúil OÓÉ 2023

Imo réamhrá don Thuarascáil Bhliantúil anuraidh, 2022, luaigh mé nach mbaintear mórán úsáide as an gceart (a fógraíodh in 2021) atá ag Óglaigh na hÉireann ar fónamh, gearáin a chur go díreach chuig m'oifig chun go ndéanfaí imscrúdú orthu. Ar an mbealach sin, d'fhéadfaí an t-imscrúdú inmheánach a sheachaint mar a fhoráiltear faoi Alt 114 den Acht Cosanta 1954 (tagraítear go minic dóibh mar ghearáin Caibidil a Dó). Ní mór do phearsanra ar scor an bealach achomhairc díreach a úsáid.

Tá sé tábhachtach a rá arís go bhfuil pearsanra ar fónamh i dteideal gearáin idirphearsanta (ar nós bulaíocht, iompar míchuí, ciapadh etc.) a chur ar aghaidh go díreach chuig m'oifig le haghaidh imscrúdaithe seachas an bealach imscrúdaithe inmheánaigh a úsáid (tugtar gearáin “Caibidil a hAon” orthu seo). Is féidir freisin a leithéid de ghearáin a chur chuig m'oifig go díreach más amhlaidh go bhfuil tús curtha leis an bpróiseas Caibidil a hAon, nó go deimhin má tá críoch curtha leis, má tá an gearánach míshásta leis an toradh.

Sa bhliain 2022, eisíodh níos lú ná 30% de na Thuarascálacha Imscrúdaithe a eisíodh, mar thoradh ar ghearáin a rinneadh go díreach le m'oifig. Sa bhliain 2021, 7% a bhí san fhigiúr sin. Sa bhliain 2023, áfach, bhain thart ar 50% de Thuarascálacha Imscrúdaithe críochnaithe le gearáin a cuireadh ar aghaidh go díreach. Gan dabht, is ag dul in airde atá an treocht maidir le gearáin a chur chuig m'oifig go díreach, agus bunaithe ar fhiosrúchán a rinneadh ag deireadh na bliana 2023 agus go luath in 2024, is léir go leanfar leis an treocht seo. Níl sé soiléir cad atá taobh thiar den treocht seo. D'fhéadfadh sé nach bhfuil muinín ag gearánaigh go bhfaighidh siad toradh sásúil ón bpróiseas inmheánach Alt 114. Lena chois sin, ba bheag a rinne an Thuarascáil IRG, 12 mí ó shin, chun muinín a chruthú sa phróiseas imscrúdaithe inmheánaigh. Mar sin féin, is rud luachmhar é an bealach Alt 114 (Caibidil a Dó), mar atá ráite agam roimhe seo, mar is tríd an bpróiseas seo a d'fhéadfaí gearán a réiteach go luath, go háirithe más

mionrud atá i gceist leis an ngearán nó mura bhfuil sé casta.

Cuireadh 51 imscrúdú i gcríoch (eisíodh Thuarascálacha ina leith) sa bhliain 2023 (chomh maith le Thuarascáil Bhreise amháin), méadú mór ar an líon a bhí ann in 2022 – 25. Cé nach cóir an iomarca a léamh as na figiúirí ó bhliain amháin, is féidir a thuiscint as na figiúirí – an méadú suntasach in 2023 i gcomparáid le 2022 (agus, go deimhin, le 2021 nuair a críochnaíodh 36 Thuarascáil), agus gur cuireadh beagnach 50% de na gearáin in 2023 ar aghaidh go díreach gan iad a bheith próiseáilte faoi Alt 114 (Caibidil a Dó) ar dtús – go bhfuil an rogha atá ann, gearáin a dhéanamh go díreach le m'oifig, ag mealladh daoine.

Maidir le gearáin faoi Alt 114 (Caibidil a Dó), is é an chleachtas atá againn san oifig anseo ó go luath in 2022, ná litreacha “28 lá” agus “9 mí” a scríobh chuig gearánaigh a raibh a gcuid gearán curtha isteach acu thart ar 28 lá ag an bpointe sin nó go raibh 3 mhí fágtha acu sula rachadh an tréimhse 12 mí chun gearán a chur ar aghaidh in éag. Is léir gur réitigh sé sin an fhadhb a bhí ann maidir leis an riail 12 mí a sháru. Sa bhliain 2023, ní rabhthas ábalta 5 gearán a fhiosrú mar gheall ar shaincheisteanna dlínsiúla. Bhain ceann amháin le hatreorú déanach; rinneadh ceann eile blianta ródhéanach agus bhain 3 cinn eile le gearáin a chur ar aghaidh a bhí ródhéanach agus a rinneadh sular thugamar isteach an riail maidir le litreacha meabhriúcháin 28 lá agus 9 mí a sheoladh. Is féidir a rá mar sin gur rud stairiúil anois iad atreoruithe gearáin a bheith cúpla mí ródhéanach.

I mbeagnach 50% de na Thuarascáil in 2023, seasadh leis na gearáin nó cuid den ghearán, i gcomparáid le 40% sa bhliain roimhe sin, agus díreach os cionn 30% sa bhliain 2021.

As na himscrúduithe a críochnaíodh in 2023, bhain 6 gearán le saincheisteanna idirphearsanta (ar nós bulaíocht, ciapadh, iompar míchuí). Is méadú beag é seo ar an bhfigiúr in 2021 ach, go comhréireach, is laghdú é i bhianaise an mhéadaithe mhóir ar líon na n-imscrúduithe a cuireadh i gcríoch in 2023 i

gcomparáid le 2022. Cé gur bhain na gearáin in 2023 le saincheistean éagsúla, bhain an chatagóir is mó – beagnach 50% - le hArdú Céime nó Cúrsaí a Roghnú. Níor bhain ach 3 chás le seirbhís thar lear, dhá cheann le haistriú, agus tháinig ceann amháin faoin gcatagóir ‘Inscne’.

Bhain 3 chás i 2023 le “Gealltanais”. (Ciallaíonn ‘gealltanais’ an comhaontú a dhéanann pearsanra seirbhíse, na costais oideachais agus oiliúna a aisíoc leis an Stát, costais a bhaineann le forais seachtracha oideachais agus oiliúna, ar nós Ollscoileanna agus Coláistí, má théann siad ar luathscor ó Óglaigh na hÉireann nó má éiríonn siad as). Dlítear suimeanna móra ar dhaoine a fhágann Óglaigh na hÉireann go luath tar éis dóibh cúrsa oideachais a chríochnú. Go ginearálta, tá na rialacha seo i bhfeidhm ar fud na seirbhíse poiblí. Sna gearáin ‘Gealltanais’ a rinneadh scrúdú orthu in 2023 (agus in 2022), ba léir go raibh trí shaincheist faoi leith ag cruthú fadhbanna. Bhí sé

deacair sonraí a fháil maidir le dlíteanas duine nuair a bhí an cúrsa nó an oiliúint críochnaithe aige, agus, i gcúinsí inar mhian le duine rochtain a fháil ar na figiúirí seo chun cinneadh a dhéanamh maidir le dul ar scorn ó éirí as Óglaigh na hÉireann, ach ní raibh cinneadh críochnúil déanta aige nó aici fós. An tríú fhadhb a bhí ann ná an moill na figiúirí ábhartha a fháil go tráthúil roimh dáta urscaoilte a bhí leagtha síos. Rinne mé moltaí i roinnt de na cásanna seo, agus má ghlactar leo agus má chuirtear i bhfeidhm iad, ba cheart go réiteofar mórán de na fadhbanna seo.

Ar 29 Meitheamh 2023 thug an Comhchoiste um Achainíocha Poiblí agus Ombudsmen, cuireadh dom freastail ar chruinniú leis i dTeach Laighean. Bhí malartú tuairimí suimiúil ann agus thug sé an deis dúinn cur síos a dhéanamh ar an oibre imscrúdaithe a tharla i m’oifig an bhliain roimhe sin. Ag deireadh mo Ráiteas Oscailte don Choiste, dúirt mé an méid a leanas: -





Creidim go láidir go bhfuil sé tábhachtach go gcoimeádfaidh Óglaigh na hÉireann an córas bainistíochta casaoide inmheánaigh atá acu mar creidim gur féidir an chuid is mó de na casaidí a réiteach ag an leibhéal sin, agus go deimhin, réitítear iad ag an leibhéal sin.





“Creidim go láidir go bhfuil sé tábhachtach go gcoimeádfaidh Óglaigh na hÉireann an córas bainistíochta casaoide inmheánaigh atá acu mar creidim gur féidir an chuid is mó de na casaoidí a réiteach ag an leibhéal sin, agus go deimhin, réitítear iad ag an leibhéal sin. Creidim freisin gur fearr leis an gcuid is mó d’Óglaigh na hÉireann go réitítear gearáin go hinmheánach más féidir, ach go mbeidh an rogha acu freisin seirbhísí OÓÉ a úsáid más fearr leo nó más féidir.”

Thug mé cuairt ar Bhriogáid Dún Chostúim in Áthluain in 2023 in éineacht le Brian O’Neill ó m’oifig. Ba é an Leifteanantchoirnéal Mark Lennon a d’óstáil an chuairt agus gabhaim buíochas leis as an bhfáilte a chur sé féin agus a chomhghleacaithe romhainn. Le linn na cuairte, bhí cruinnithe againn le hionadaithe ó PDFORA and RACO, agus thapaíomar an deis gnéithe den obair atá ar siúl againn san oifig a mhíniú agus béim a leagan orthu. Creidim go raibh na malartuithe seo úsáideach agus faisnéiseach do chách, muid féin san áireamh.

Táim ag súil go mbeimid gnóthach san oifig le linn 2024. Beimid ag bogadh na hoifige go dtí Ardán Phort an Iarla agus beidh praiticiúlachtaí deacra ag baint leis sin. Tá athruithe móra agus athchóiriú ag tarlú laistigh d’Óglaigh na hÉireann, sa chóras bainistíochta casaoide freisin, agus táthar ag súil go gcuirfear tús le Binse Fiosrúcháin chun déileáil le cúrsaí AD laistigh d’Óglaigh na hÉireann. Tá tréimhse spéisiúil i ndán dúinn!

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le triúr ball foirne, Brian, Lorraine and John, as an obair chrua agus an tiomantas a léirigh siad le linn 2023. Tarlaíonn sé in amanna go mbímid faoi bhrú suntasach san oifig agus bíonn siad i gcónaí inchurtha leis na dúshláin seo.

Ba mhaith liom freisin buíochas a ghabháil leis an Aire Cosanta, Michael Martin, le hArd-Rúnaí na Roinne Cosanta, Jacqui McCrum, agus lena foireann, agus leis na fir agus na mná in Óglaigh na hÉireann, go háirithe an fhoireann atá san oifig Bainistíochta Casaoide. Is beag nach mbíonn teagmháil againn leo ar bhonn laethúil. Bíonn am acu i gcónaí dúinn, freagraíonn siad i gcónaí go pras ar na ceistanna a bhíonn againn agus nuair a bhímid ag lorg eolais, agus is nasc ríthábhachtach iad idir m’oifig agus Óglaigh na hÉireann.

Alan Mahon
Ombudsman d’Óglaigh na hÉireann
31 Márta 2024

Conas a sheolann OÓÉ imscrúdú?

1. Ní mar a chéile aon dhá chás. Mar sin seoltar gach imscrúdú ar bhealach a bhaineann le fíricí an ghearáin sin. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí imscrúdú atá críochnúil, cothrom agus éifeachtúil. Ní mór formhór na ngearán a fhiosrú go tapaídh ar mhaithe le cothromas, agus má tá éifeacht phraiticiúil le brath ó na moltaí a thugtar. Is gnách go mbíonn formhór na ngearán práinneach. Go minic, críochnaítear fiosrúcháin agus eisítear Tuarascáil laistigh de sheachtainí ó dháta an atreoirithe. Má thógann sé níos mó ama, is de bharr moille a bhí ann eolas nó doiciméid a sholáthar. Is gnách go dtógann sé beagán ama déileáil le gearáin a thagann go díreach chuig m'oifig i gcomparáid leo siúd a ndearnadh imscrúdú orthu cheana féin faoi Alt 114/próiseas Caibidil a Dó, mar cuireann OÓÉ comhad imscrúdaithe iomlán ar aghaidh chuig m'oifig ina mbíonn an-chuid faisnéise a bhaineann leis an ngearán.
2. Tá an OÓÉ neamhspleách ar Óglaigh na hÉireann agus ar an Aire/Roinn Cosant araon. Leagtar an neamhspleáchas seo síos go sonrach agus go soiléir i bhforálacha an Achta Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004.
3. Ar dtús, agus atreorú á mheas aige, ní mór don OÓÉ cinneadh a dhéanamh an bhfuil dlínse aige ar an gcás nó nach bhfuil. Tá srianta ar dhlínse san Acht 2004, lena n-áirítear tréimhse teorainnach chun atreorú a dhéanamh. Fóraíltear in Alt 6 (3) den Acht 2004, go bhfuil 12 mhí ag gearánach chun gearán a chur ar aghaidh chuig an OÓÉ. Níl aon spriocama i gceist le gearán a chur chuig Óglaigh na hÉireann le haghaidh imscrúdaithe. Tosaíonn an tréimhse teorainneach 12 mhí ar an dáta ar ar tharla an chúis gearáin, nó ar an dáta ar tháinig an gearánach ar an eolas faoi, cibé acu is déanaí.

Níl aon discríd ag OÓÉ cur leis na tréimhsí teorainneacha seo.

4. Cuireann an OÓÉ comhad imscrúdaithe le chéile, lena n-áirítear sonraí an ghearáin, ráitis, lena n-áirítear ráitis finné, agus doiciméid ábhartha (DFR agus teoracha Riaracháin san áireamh). De ghnáth, iarrann an OÓÉ ar ÓÉ a sheasamh a lua maidir le liomhaintí áirithe agus iarrfaidh sé doiciméid cuí ó ÓÉ agus más cuí ón Roinn. Cuirtear doiciméid ábhartha ar fáil don OÓÉ a bhaineann le himscrúdú inmheánach an OÓÉ (má rinneadh a leithéid d'imscrúdú), lena n-áirítear cóipeanna de Thuarascálacha agus de Rialuithe déanta ag an Oifigeach Imscrúdaithe Míleata, ag an Oifigeach Ginearálta i gCeannas agus ag an gCeann Foirne.

Go ginearálta, iarrann agus faigheann an OÓÉ eolas agus doiciméid ábhartha tríd an Oifig Bainistíochta Casaoide agus is mór an chabhair iad i gcónaí. Nuair a líomhnaítear gur tharla éagóir phearsanta, is gnách an duine sin a chur ar an eolas agus deis a thabhairt dó/di freagairt ar an líomhain.

5. Den chuid is mó, ní gá do OÓÉ gearánach nó finné a chur faoi agallamh go pearsanta, ach uaireanta, tarlaíonn a leithéid d'agallaimh.
6. Nuair a chríochnaíonn an OÓÉ imscrúdú, eisíonn sé Tuarascáil ina mbeidh a chuid cinntí agus moltaí, más cuí. Cuirtear na moltaí faoi bhráid an Aire Cosanta. In am agus i dtráth, admhaíonn an tAire go bhfuarthas an Tuarascáil agus cuireann sé/sí in iúl go nglacann sé/sí le Moladh nó nach nglacann. Go dtí seo, ghlac an tAire le formhór mór na Moltaí a rinne OÓÉ.

Cé ar féidir leis gearán a atreorú chuig OÓÉ?

- San Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004 líostaítear na catagóirí gearán ar féidir a atreorú chuig an OÓÉ. Ní féidir ach le comhaltaí reatha nó iar-chomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann gearán a athreorú chuig an OÓÉ. Is féidir le comhaltaí ar seirbhís úsáid a bhaint as an bpróiseas imscrúdaithe inmheánach atá ag ÓÉ (Alt 114 den Acht Cosanta 1954, Leasú) agus mura bhfuil siad sásta le toradh an phróisis sin, is féidir leo an gearán a tharchur chuig an OÓÉ nó a mhalairt air sin, é a chur chuig an OÓÉ go díreach. Ní mór a rá freisin gur féidir gearán a bhaineann le bulaíocht (nó fadhbanna idirphearsanta eile) a atreorú go díreach chuig OÓÉ.

Ní mór d'iar-chomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann a ngearán a chur ar aghaidh go díreach chuig OÓÉ.

De bharr achtaithe an Achta um Nochtadh Cosanta 2014, (Alt 20), is féidir leis an OÓÉ fiosrúchán a dhéanamh má líomhnaítear gur tharla piónósú tar éis do chomhalta d'Óglaigh na hÉireann nochtadh cosanta a dhéanamh.

Cé a fhaigheann Tuarascáil OÓÉ?

- Go ginearálta, is iad príomhfhaighteoirí Tuarascáil imscrúdaithe ón OÓÉ ná an gearánach agus an tAire Cosanta. Tugtar cóip freisin don Cheann Foirne, do OGC an ghearánaigh mar aon leis an OBS. Seachas sin, tá an Tuarascáil faoi rún. Cuirtear an cinneadh in iúl do dhuine a ndéantar cinneadh neamhfhabhrach ina choinne mar aon leis an gcuid den Tuarascáil a bhaineann le hábhar.

Achomarc

- Níl aon phróiseas achomhairc ar fáil do ghearánach nuair a fhaightear Tuarascáil ón OÓÉ.
- Ó thaobh na praitiúlachta de, áfach, déanfaidh an OÓÉ athbhreithniú ar a Thuarascáil, agus má fhaightear aighneacht scríofa ó ghearánach nó ó pháirtí leasmhar eile, déanfaidh sé an Tuarascáil a leasú nó a athrú, más cuí. Tarlaíonn sé seo ó am go ham sa chás go soláthraítear eolas nua don OÓÉ, nó más amhlaidh go bhfuarthas earráidí nó botúin sa Tuarascáil.



2 Cearta Daonna & Comhionannas – Dualgas na hEarnála Poiblí

Is éard atá i nDualgas na hEarnála Poiblí ná oibleagáid dhlíthiúil ar comhlachtaí poiblí, mar a fhoráiltear in Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, aird a bheith acu ar an ngá atá ann leithcheal a dhíbirt, comhionannas deise a chur chun cinn agus cearta daonna fhoireann na hearnála poiblí agus úsáideoirí seirbhíse a chosaint. Tá OÓÉ, mar chomhlacht poiblí, tiomanta do mheas a léiriú ar an dualgas seo agus é a chothú.

Oibríonn OÓÉ de réir prionsabal soiléir chomhionannais agus neamhleithcheala san oibre go léir a dhéanann sé. Áirítear leis seo conas

a idirghníomhaíonn sé le comhaltaí in ÓÉ a bhaineann úsáid as a chuid seirbhísí agus conas a idirghníomhaíonn sé lena fhoireann féin, mar fhostóir. Áirítear leis sin conas a earcaíonn sé baill foirne trí phróiseas atá oibiachtúil agus saor ó chlaonadh. Tacaítear le fostaithe i dtimpeallacht atá sábháilte agus ionchuimsitheach tríd an bpolasaí Dínit san Áit Oibre de chuid na Roinne Cosanta agus trí thacaíochtaí Roinne eile.

Téann OÓÉ i mbun imscrúduithe faoi réir fhorálacha an Achta Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004. Leagtar amach in Alt 4 den Acht nádúr na ngíomhartha is féidir scrúdú a dhéanamh orthu. Go



ginearálta, is gníomhartha riaracháin go príomha iad na gníomhartha seo ach d'fhéadfaí gníomhartha a áiriú atá 'leithchealach go míchuí'. Cé nach bhfuil aon tagairt fhollasach maidir le cosaint cearta daonna le feiceáil sa reachtaíocht a rialaíonn gníomhartha OÓÉ, tuigtear gur míriarachán tromchúiseach agus sárú ar chearta bunúnacha é má sháraítear cearta daonna laistigh d'Óglaigh na hÉireann.

Pléitear cearta daonna i ngach cás a thagann roimh OÓÉ. Mar threoir, baineann an tOmbudsman agus an fhoireann go léir úsáid as an Leabhrán um Chearta Daonna a thug an tOmbudsman Sheirbhís Poiblí Thuaisceart Éireann amach in éineacht leis an

gCoimisiún um Chearta Daonna Thuaisceart Éireann arna tacú ag an Institiúid Ombudsman Idirnáisiúnta, (www.nipso.org.uk/service-providers/information-and-guidance), go háirithe an 'Uirlis Scagtha maidir le Gearáin a Mheas bunaithe ar Chearta Daonna'.

Aithníonn OÓÉ an méadú atá tagtha ar éagsúlacht i sochaí na hÉireann, agus leanann sé air acmhainn a fhorbairt chun freagairt ar na hathruithe éagsúlachta atá ag tarlú laistigh d'Óglaigh na hÉireann, chun a chinntiú go bhfuil rochtain air, ag gach duine in Óglaigh na hÉireann a bhfuil gá acu leis na seirbhísí agus an tacaíocht a chuireann sé ar fáil.



3

Anailís ar Ghearáin agus
Imscrúduithe in 2023

1. Fuarthas 45 Fógra Gearáin sa bhliain 2023. Ba laghdú beag 20% é seo ar na 54 Fógra Gearáin a fuarthas in 2022. Gintear Fógra Gearáin nuair a chuirtear isteach an gearán go dtí Óglaigh na hÉireann, agus cuirtear cóip ar aghaidh go dtí OÓÉ. Ní chiallaíonn sé seo go bhfuil an gearán á atreorú chuig OÓÉ. Ní chuirfidh OÓÉ tús le himscrúdú más amhlaidh nach réitítear an gearán (nó má tharraingítear siar é) le linn an imscrúdaithe inmheánaigh atá ar siúl laistigh d'Óglaigh na hÉireann agus má iarrann the gearánach go gcuirtear ar aghaidh é chuig OÓÉ. I bhformhór na gcásanna, ní dhéanann OÓÉ imscrúdú ar Fógraí Gearáin. (Sa bhliain 2023, cuireadh 22 de na Fógraí Gearáin seo chuig OÓÉ chun go ndéanfaí imscrúdú orthu.
2. As na 45 Fógra Gearáin a fuarthas, bhain 36 le Saighdiúirí Singile augs le ONC, agus bhain 9 gcinn le hOifigigh.
3. Cuireadh 41 cás ar aghaidh go díreach chuig OÓÉ le haghaidh imscrúdaithe. Is féidir le Comhaltaí ar Seirbhís agus le Comhaltaí ar Scor Atreorú Díreach a dhéanamh. Is féidir le Comhaltaí ar Seirbhís atreorú díreach a dhéanamh mura mian

leo, ar chúiseanna éagsúla, úsáid a bhaint as an bpróiseas Imscrúdaithe Inmheánaigh laistigh d'Óglaigh na hÉireann. Ní mór do Chomhaltaí ar Socr Atreorú Díreach a dhéanamh chuig OÓÉ. As na 41 Atreorú Díreach a rinneadh, tháinig 5 cinn ó Chomhaltaí ar Scor agus 36 ó Chomhaltaí ar Seirbhís.

4. Eisíodh 52 Tuarascáil in 2023, Tuarascáil Fhorlíontach amháin ina measc. Is méadú 108% é seo ar líon na gcásanna a chuir an OÓÉ i gcrích i comparáid leis an mbliain roimhe sin.
5. Leagtar amach sna táblaí seo a leanas cineál na ngearán a ndearna an Oifig seo beithniú orthu le linn 2023. Ba cheart a thabhairt faoi deara go gclúdaíonn gearáin a rangáítear mar 'Mhíriarachán', saincheisteanna éagsúla leana n-áirítear gearáin maidir le measúnú feidhnmíochta agus saincheisteanna a bhaineann le hurscaoileadh. Áirítear le gearáin a chatagóirítear mar 'Shaincheisteanna Idirphearsanta' iad siúd ina ndealraíonn sé go bhfuil gnéithe de choimhlint phearsantachta agus/nó líomhaintí maidir le hiompar míchí nó bulaíocht.

Cásanna de réir Formaíochta Míleata

As na 70 cás a imscrúdaíodh le linn 2023, tugadh 51 díobh cnun críche i rith na bliana. Eisíodh tuarascálacha ina leith (52 Tuarascáil, Tuarascáil Fhorlíontach amháin ina measc, agus Litir amháin). Bhí 19 cás nár cuireadh i gcrích go hiomlán, nó tugadh ar aghaidh iad go dtí 2024. Sa tábla a leanas, tá líon na gcásanna le feiceáil inar eisíodh Tuarascáil i ngach Formaíocht Mhíleata, agus iad siúd a fuarthas ó Chomhaltaí ar Scor.

Óglaigh na hÉireann	An tAerchór	An tSeirbhís Chabhlaigh	Comhaltaí ar Scor
21	22	3	5

Nádúr na gCásanna

Is féidir cineál na gcásanna idir lámha leis an OÓÉ le linn 2023 a bhriseadh síos sna catagóirí leathana seo a leanas –

Míriarachán	Ardú Céime	Roghnú Cúrsa	Saincheisteanna Idirphearsanta	Inscne	Leigheas
5	13	12	6	1	2

Leithcheal/Eisiamh	Thar Lear	Aistriú	Gealltanais	Dlínse
3	2	2	3	8

(I roinnt cásanna, d'fhéadfaí go dtiteann siad faoi níos mó ná ceann amháin de na catagóirí thuasliostaithe).

Tuarascálacha a eisíodh do mhná:	6 (Tuarascáil Fhorlíontach san áireamh).
Tuarascálacha a eisíodh d'fhir:	46
Tuarascálacha a eisíodh d'Oifigigh:	5
Tuarascálacha a eisíodh do Shaighdiúirí Singile/ONC:	42
Tuarascálacha a eisíodh do Chomhaltaí ar Scor:	5

Torthaí na nImscrúduithe

Seasadh leis an ngearán nó sheas OÓÉ i bpáirt leis*	Gearáin nár sheas OÓÉ leo**
24	27

* Is gearáin iad gearáin a seasadh go páirteach leo, nár sheas OÓÉ le cás an Ghearánaí ina iomláine.

** Áirítear leis seo gearáin lasmuigh de théarmaí tagartha OÓÉ.

Moltaí a rinne OÓÉ don Aire in 2023: (36 san iomlán)

Glacann an tAire leo (go dtí deireadh 2023)	Ní ghlacann an tAire leo (go dtí deireadh 2023)
15*	1*

Fonótaí:

1. Ní gá go ndéanfaí moltaí i ngach Tuarascáil ó OÓÉ.
2. D'fhéadfaí níos mó ná Moladh amháin a dhéanamh i dTuarascáil OÓÉ. D'fhéadfadh OÓÉ Moladh a áiriú ina Tuarascáil imscrúdaithe. Cuirtear moltaí faoi bhráid an Aire Cosanta agus is féidir leis glacadh leo nó diúltú dóibh.
3. Is gnách go mbíonn moill shuntasach ann, as cúiseanna éagsúla, nuair a chuireann an tAire in iúl don OÓÉ maidir le glacadh le nó diúltú do Mholadh. Mar sin, d'fhéadfadh sé nach mbeidh sé soiléir sa Tuarascáil Bhliantúil do bhliain áirithe líon na Moltaí ar nglacadh leo nó ar diúltaíodh dóibh don bhliain sin. De ghnáth, ní mór don Aire dul i dteagmháil leis an CF, agus b'fhéidir le gníomhaireachtaí eile, sular ndéanfar cinneadh glacadh le Moladh nó diúltú dó. Mar sin, ní gnách go ndéantar cinneadh láithreach. Is é an meán-am a thógann sé don Aire a chinneadh a chur in iúl do m'oifig ná 3 mhí, tréimhse ama i bhfad níos giorra ná mar a bhí roimh 2020. Mar sin féin, tarlaíonn sé corruair go bhfuil práinn ag baint le cás, agus sna cásanna sin, d'fhreagair an tAire i gcónaí gan mhoill.



Den chuid is mó, ní gá do OÓE gearánach nó finn   a chur faoi agallamh go pearsanta, ach uaireanta, cuireann s   gear  naithe agus finn  ithe freisin faoi agallamh.



Fuarthas 45 Fógra Gearáin sa bhliain 2023. Ba laghdú beag 20% é seo ar na 54 Fógra Gearáin a fuarthas in 2022.

5 Achoimre ar Chásanna

Réamhrá

Sna Tuarascálacha Bliantúla roimhe seo, ó 2006 go dtí 2022, ba ghnách go n-áireofaí rannóg ina raibh sonraí mar gheall ar 6 chás a ndearnadh imscrúdú orthu sa bhliain faoi chaibidil. Níor tugadh amach faisnéis a chuirfeadh ar chumas daoine an gearánach a aithint go héasca, nó go deimhin, céannacht na ndaoine a ndearnadh gearán futhu, a aithint.

Is tasc an-deacair é achoimre réasúnta cuimsitheach a sholáthar, ar thaobh amháin, agus céannacht na ndaoine bainteacha a chosaint, ar an taobh eile. Fiú le tréaniarracht, tá seans maith ann go mbeidh a fhios ag roinnt comhghleacaithe cé hiad na daoine atá ag gearáin agus daoine eile a bhfuil baint acu leis an ngearán, de bharr fíricí faoi leith a nochtar san achoimre. Ba chóir a lua nach bhfuil aon ghearán faighte ag an oifig seo go dtí seo maidir le faisnéis a nochtadh le blianta beaga anuas.

Tá sé an-tábhachtach go gcosnaítear rúndacht na

ngearán, na ngearánaithe agus daoine eile a ainmnítear maidir le gearáin, mar má sháraítear rúndacht, baintear an bonn ón bpróiseas imscrúdaithe gearán.

Chun tuilleadh feabhais a chur ar an méid rúndachta atá cuí agus riachtanach, agus a bhfuiltear ag súil leis ón bpróiseas imscrúdaithe gearáin, nochtfaidh an chuid seo den Tuarascáil Bhliantúil 2023 níos lú faisnéise faoi fhiricí agus cúlra na ngearán, agus díreofar níos mó ar chonclúidí agus ar thorthaí ná na sé chinn a bhíodh sa Tuarascáil roimhe seo. Leis seo, léireofar an éagsúlacht atá ann maidir le cúiseanna gearán a thagann chun cinn in aon bhliain faoi leith.

Mar a tharla roimhe seo, bhíomar an-chúramach gan céannacht na ndaoine sna gearáin a nochtadh. Mar sin, d'fhéadfaí ainmneacha, dátaí, suíomhanna a fhágáil ar lár nó a athrú mar aon le haon eolas eile a d'fhéadfaí a úsáid chun daoine a aithint.



“Gealltanais” (3 ghearán)

Is éard atá i “nGealltanais” (nó GUF mar a thugtar air go minic) ná comhaontú a dhéanann pearsanra ÓÉ chun go mbeidh ar a gcumas freastail ar choláistí agus ollscoileanna agus cáilíochtaí agus céimeanna a bhaint amach ar chostas an Stáit. Fóráiltear iontu go n-aisíofar leis an Roinn Cosanta méid áirithe a ríomhtar de réir foirmlí atá leagtha síos más amhlaidh go bhfágfaidh an comhalta sin ÓÉ laistigh de líon blianta faoi leith tar éis dóibh an cháilíocht a bhaint amach. Is rud coitianta é an comhaontú seo ar fud na seirbhíse poiblí.

Bhain na trí ghearán go léir a fuarthas le linn 2023 leis an méid a bhí ríofa ag an Roinn agus a dúradh leo go raibh orthu é a aisíoc, nó deacracht fógra a fháil maidir leis an méid a bhí le híoc.

Seo a leanas roinnt de na cinntí a rinne OÓÉ agus na tuairimí a bhain leo: -

- (i) Theip ar ÓÉ “ráiteas comhardaithe” a sholáthar don ghearánaí laistigh de thréimhse réasúnta tar éis dó a scéim oiliúna a chríochnú. Bhí sé seo riachtanach faoi théarmaí CCR 446, agus, má dhéanfaí é, chuirfeadh sé ar chumas an ghearánaí an méid a bhí sa ráiteas a cheistiú, agus go tábhachtach, bheadh faisnéis thábhachtach airgeadais aige chun pleanáil agus cinneadh a dhéanamh maidir le dul ar scor ó ÓÉ, más é sin a bhí uaidh.
- (ii) Cuireann clásal 8 de CCR 425 iallach ar Óglaigh na hÉireann “Ráiteas Comhardaithe” a sholáthar don rannpháirtí USAC nuair a chríochnaíonn sé/sí a c(h)úrsa. I gcás an ghearánaí, ba chóir go dtarlódh sé seo in 2013, ach níor tharla. Ba easnamh suntasach é seo. Dá gcuirfí ar fáil é, bheadh an deis ag an gearánaí ábhar an ráitis a cheistiú (cé nach greideann OÓÉ go n-éireodh leis sa chás seo), agus níos tábhachtaí fós, bheadh ar a chumas an todchaí a phleanáil mar bheadh sé ar an eolas maidir lena dhliteanas i leith an Stáit dá mba rud é gur theastaigh uaidh dul ar luathscor.
- (iii) Bhí OÓÉ sásta go bhfuil an dualgas ar an Roinn aontú d’iarratas a thagann ó shínitheoir GUF, áireamh a sholáthar maidir le Gealltanais i gcúinsí ina bhfuil luathscor á mheas. I gcás an ghearánaí, dúirt sé gur diúltaíodh don iarratas a rinne sé sula ndearna sé iarratas ar dul ar scor.

Ghlac OÓÉ leis go gcuireann na háirimh sin le hualach oibre na Roinne mar ní mór am agus obair a chur isteach i ngach áireamh. Mar sin féin, tá sé tábhachtach agus réasúnta go gcuirfear na háirimh sin ar fáil, nuair a iarrtar iad, chun go mbeidh ar chumas chomhaltaí ÓÉ cinneadh eolach a dhéanamh maidir le dul ar luathscor.

- (iv) Rinneadh éagóir ar an ngearánaí nuair a theip ar ÓÉ “Ráiteas Comhardaithe” a sholáthar dó laistigh de thréimhse réasúnta tar éis dó a chúrsa a chríochnú i lár 2022.
- (v) Dúiradh leis an ngearánaí go dtógfadh sé 6 mhí “Ráiteas Comhardaithe” a fháil, rud atá riachtanach chun go scaoilfear amach ó ÓÉ é. Cé gur aithin OÓÉ go dtógann sé roinnt ama “Ráiteas Comhardaithe” a ullmhú, chreid sé gur tréimhse iomarcach í 6 mhí sa chás go bhfuil iarratas déanta ag comhalta d’ÓÉ ar scaoileadh. Bheadh tréimhse 2 – 3 mhí níos réasúnta.
- (vi) Cuireadh in iúl don ghearánaí (agus do dhaoine eile go bhfios dom) nach féidir “Ráiteas Comhardaithe” a ullmhú – agus é sin le moill 6 mhí – nuair atá iarratas déanta cheana féin ar scaoileadh. Chreid OÓÉ go bhfuil an riail seo mícheart agus míchothrom mar cuireann sí oibleagáid ar chomhaltaí ÓÉ scaoileadh a lorg sula bhfaigheann siad amach cé chomh ard is atá an dliteanas GUF atá acu, agus d’fhéadfadh sé nach siad lánchinnte an dteastaíonn uathu OÉ a fhágáil. D’fhéadfadh sé go dteastaíonn uathu an fhigiúr sin a fháil amach chun an cinneadh sin a dhéanamh.
- (vii) I gcás an ghearánaí, is ar éigean a bhí mí ann ó rinne sé iarratas ar scaoileadh agus ar “Ráiteas Comhardaithe”. Chreid OÓÉ nach raibh sé réasúnta go mbeifí ag súil le “Ráiteas Comhardaithe” a fháil laistigh de mhí amháin.

I ngach ceann de na trí chás, chuir OÓÉ 7 Moladh san iomlán faoi bhráid an Aire Cosanta inar mhol sé go mbainfí na heaspaí a bhaineann le “Gealltanais” a bhainistiú. Ghlac an tAire le gach ceann de na 7 Moladh.



Bratach a Chrochadh i nDún Uí Choileáin, Corcaigh

Fuair OÓÉ gearán ó iarchomhalta ÓÉ maidir leis an mbratach “Bróid” a bhí ar crochadh ar an mbealach isteach go dtí Dún Uí Choileáin i gCorcaigh. Chinn OÓÉ nach raibh an t-údarás aige an gearán sin a imscrúdú. Dúirt sé:-

- Leagtar síos in Alt 6 den Acht 2004 catagóirí na ndaoine ar féidir leo gearán a dhéanamh le hOmbudsman Óglaigh na hÉireann.
- Maidir le iarchomhaltaí Óglaigh na hÉireann (is iarchomhalta é an gearánaí), deirtear in Alt 6(2) an méid a leanas:-

“Faoi réir an Achta seo, féadfaidh iarchomhalta d’Óglaigh na hÉireann gearán a dhéanamh leis an Ombudsman, thar ceann na ndaoine a leanas, maidir le gníomh, má bhí tionchar ag an ngníomh ar an ngearánaí, nó má tharla sé, nuair a bhí sé nó sí ar seirbhís in Óglaigh na hÉireann -

- (a) comhalta reatha d’Óglaigh na hÉireann,
- (b) iarchomhalta d’Óglaigh na hÉireann nuair a bhí sé nó sí ar seirbhís in Óglaigh na hÉireann, nó

(c) státseirbhíseach.”

In Alt 6(3) deirtear an méid a leanas: -

“Déanfaidh gearánaí gearán dá dtagraítear dó i bhfo-ailt (1) agus (2) laistigh de 12 mí ón —

- (a) dáta ar ar tharla an gníomh ábhartha, nó
- (b) dáta ar tháinig an gearánaí ar an eolas maidir leis an ngíomh, cibé acu is déanaí.”

- Níor bhain an gearán seo le “gníomh” a tharla nuair a bhí an gearánach ar seirbhís in Óglaigh na hÉireann (i.e., ar nó roimh Samhain 2019). Mar sin, ní raibh OÓÉ ábalta an gearán a imscrúdú de bhua Alt 6(2) agus 6(3) den Acht 2004.

Moill maidir le doiciméadú pearsanta a chomhlánú

Rinne an gearánaí gearán maidir le moill a bhain lena AF667 (measúnú bliantúil) a chur i gcrích mar aon lena “measúnú feidhmíochta” sa doiciméad sin.

Chinn OÓÉ mar seo a leanas: -

- (i) Ba chóir go gcomhlánfaí agus go gcuirfí ar aghaidh AF667 an ghearánaí don bhliain (faoi chaibidil) chuig an tOifigeach Taifid ar nó roimh 31 Márta (den bhliain dar gcionn), mar atá leagtha síos in Instríom Riaracháin 1/96. Níor cloídh leis an Riachtanas seo agus níor cuireadh in iúl don Ghearánaí cad a bhí sa mheasúnú go dtí 06 Meitheamh (den bhliain ina dhiaidh sin). Cé nach raibh an mhoill rófhada, rinneadh éagóir ar an nGearánaí mar sin féin.
- (ii) Bunaithe ar an eolas a tugadh do OÓÉ, rinneadh athbhreithniú ar an AF667 agus rinneadh athchóiriú cothrom air tar éis iarratas a fháil faoin nGearánaí. Ba shuntasach gur athraíodh an measúnú ginearálta a fuair sé “Faoi Bhun an Mheáin” go dtí “Os cionn an Mheáin”.
- (iii) Líomhnaíodh gur thug (ainm oifigigh) scór íseal dó “d’aon ghnó” i 4 príomhréimsí ina AF667 do (an bhliain faoi chaibidil) de bharr gearáin a rinne an Gearánaí faoi, ach ní raibh cruthúnas don líomhain seo.
- (iv) Níor sháraigh (ainm oifigigh) rúndacht nuair a phlé sé feidhmíocht an Ghearánaí le F/Sáirsint (folamh) maidir leis an AF667 a chur le chéile do (an bhliain faoi chaibidil).



Míshásamh le torthaí ón mBord Ardú Céime

Bhain ceann de na gearáin a fuarthas in 2023 i dtaca le saincheistean “Ardú Céime” leis an díomá agus an t-easaontas a bhraith iarratasóir i gcomórtas Ardú Céime leis an toradh a fuair sé.

Rinne OÓÉ an cinneadh a leanas:-

- (i) Sa chás seo tionóladh agus bunaíodh an Bord Ardú Céime/Roghnúcháin de réir fhorálacha Ionstaim Riaracháin Pointe 10.
- (ii) Taobh amuigh de AF667 (ainm), bhí an doiciméadú agus an fhaisnéis a bhí le bheith i bhFo-chomhad an ghearánaí, agus ar fáil don Bhord Roghnúcháin, le fáil san Fho-chomhad agus bhí sé ar fáil don Bhord Roghnúcháin chun imscrúdú a dhéanamh air. Rinne OÓÉ an cinneadh seo bunaithe ar fhianaise a chuir an Captaen (ainm) ar fáil, agus dheimhnigh an gearánaí é seo tar éis dó iarratas ar shaoráil faisnéise (SF) a dhéanamh.

- (iii) Taispeánann an doiciméadú SF gur bronnadh na scóir a tugadh don ghearánaí ag baint úsáide as próiseas measúnacha agus marcála a bhí ceart, neamhspleách agus cuí.
- (iv) Cé go bhfuil an ceart ag an ngearánaí a dhíomá a chur in iúl agus diúltú don “scór fórlag” a fuair sé, agus an áit (folamh) a fuair sé san OOM, ní bheadh sé ceart domsa an toradh seo a cheistiú nó an bonn a bhaint dó, gan fhianaise shoiléir go raibh an comórtas agus/nó an próiseas agallaimh lochtach, pé acu go ginearálta nó mar a bhain sé leis an ngearánaí go sonrach. Ní raibh aon fhianaise ann maidir leis an dá rud sin.
- (v) I bhfianaise na gcúinsí sin, níor sheas OÓÉ leis an ngearán seo.

Saincheist Dlíne

Chuir an gearánaí gearán ar aghaidh chuig OÓÉ i Meitheamh 2023 a bhain le heachtra (le linn Seirbhíse Thar Lear) agus a tharla in 2014, roimh dó dul ar scor ó ÓÉ in 2015. Chin OÓÉ nach raibh dlínse aige imscrúdú a dhéanamh mar thit tarchur an ghearáin lasmuigh de na tréimhsí teorainneacha atá leagtha síos in Acht an Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004 chun gearán a tharchur chuig OÓÉ.

Dúirt OÓÉ: -

- (i) Fóráiltear in Alt 6(3) den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004 an méid a leanas:
“Déanfaidh gearánach gearán dá dtagraítear i bhfo-ailt (1) agus (2) tráth nach déanaí ná 12 mhí ó—

- (a) dáta na gníomhaíochta lena mbaineann, nó
- (b) an dáta ar tháinig an gearánach ar an eolas faoin gcaingean, cibé acu is déanaí.”
- (ii) Bhí an gearánach ar an eolas maidir lena iarratas ROW go déanach in 2014, agus chuaigh sé ar scor ó ÓÉ ar 31 Bealtaine 2015, thart ar 8 mbliana sular chuir sé an gearán ar aghaidh chuig m’oifig. Theip ar an gearánach, amach is amach, na tréimhsí teorainneacha a shásamh atá leagtha síos in Alt 6(3) den Acht 2004, agus mar sin, sní raibh dlínse ag OÓÉ imscrúdú a dhéanamh ar an ngearán.
- (iii) Mar chomhartha dea-mhéine, scríobh OÓÉ chuig Óglaigh na hÉireann agus d’iarr sé go gcuirfí cinneadh scríofa faoina iarratas ROW 2014 ar aghaidh chuige a luaithe ab fhéidir.

An Vaicsín Covid-19

Bhain an gearán seo le hiarrachtaí a rinne ÓÉ cur ina luí ar an ngearánach go mba chóir dó teanndáileog den vaicsín a thógáil.

Rinne OÓÉ na cinntí a leanas:-

- (i) Tuigtear ón bhfianaise (agus go háirithe fianaise ó COMS (folamh)) go ndearna an Captaen (folamh) iarracht a chinntiú go bhfaigheadh gach ball dá Aonad teanndáileog den vaicsín Covid-19 chun go mbeidís ábalta leanúint lena gcuid oibre cóngarach do gcomhghleacaithe, daoine leochaileacha san áireamh (i gcomhthéacs Covid), agus is amhlaidh go raibh COMS (folamh) leochaileach ag an am sin.
- (ii) Ní hí an cheist atá le freagairt an raibh na hiarrachtaí sin iomarcach nó nach raibh, mar ní mhaíonn an gearánach gur cuireadh iallach air go míchuí an vaicsín a fháil. Pé scéal é, níl aon fhianaise ann a thabharfadh le fios go réasúnta go raibh na hiarrachtaí a rinne an Captaen (folamh) iomarcach. Ar a mhéad, d'fhéadfaí a rá gur chuir sé brú ar an ngearánach (agus ar dhaoine eile) an vaicsín a fháil, ach gan dabht bhí cúis mhaith leis an mbrú sin faoi mar a bhí cúrsaí ag an am sin, mar bhí air, mar Cheannasaí, aird a bheith aige ar fholláine na bhfear agus na mban ina Aonad.
- (iii) Agus cúrsaí mar a bhí, agus as na cúiseanna mínithe thuas, níorbh fhéidir le hOÓÉ seasamh leis an ngearán sa chás seo.

Saincheist le Roghnúchán do Chúrsa

Mhaígh an gearánaí go ndearnadh éagóir air toisc ná roghnaíodh é chun cúrsa speisialaithe a dhéanamh a bhí á réachtáil ag coláiste seachtrach. Sheas OÓÉ lena ghearán agus tá an achoimre le feiceáil thíos: -

- Chinn sé gur chúis inní iad na marcanna a bronnadh ar an ngearánaí sna ceithre chatagóir faoi chaibidil (de réir na maitrise scórála) agus go ndearnadh iad a mheasúnú agus a ríomh ar bhealach míchothrom. Ní féidir agus ní bheadh sé cuí, dar leis, na marcanna nár tugadh don ghearánaí a shainaithint go beacht, ach d'fhéadfaí a rá gur cailleadh suas le 26 marc, cé go bhféadfadh an fhigiúr sin a bheith níos lú. Thug OÓÉ faoi deara go raibh difear thart ar 12 marc idir scór iomlán an ghearánaí agus marc an iarratasóir rathúil a raibh an marc is ísle aige (an Captaen (folamh)), níos lú ná leath de 26, an t-easnamh féideartha. Is dócha mar sin go n-éireadh leis an ngearánaí áit a fháil sna chéad sé áit san OOM agus go roghnófaí é don chúrsa dá mba rud é gur ceistíodh agus gur marcáladh go cothrom é.
- Ag an bpointe seo, 4 mhí i ndiaidh an chomórtais, agus roinnt seachtainí sula bhfuil an cúrsa le tosú, ní bheadh sé praiticiúil an comórtas a rith arís agus ní bheadh sé cothrom dóibh siúd ar éirigh leo. Mar a dúirt OÓÉ, ní féidir na marcanna nár bronnadh ar an ngearánaí a mheas go beacht toisc nár leanadh an Mhaitris Scórála i gceart ina chás-sa. Is léir, áfach, go ndearnadh éagóir ar an ngearánaí maidir lena rannpháirtíocht sa phróiseas roghnúcháin, agus ní mór gníomhú chun an éagóir seo a réiteach. D'fhéadfaí, dar ndóigh, an gearánaí a chur ar an liosta d'iarratasóirí ar éirigh leo. Bheadh gá le comhoibriú ó (soláthróir an chúrsa), eagraí an chúrsa.

(Ghlac an tAire le Moladh OÓÉ gur chóir áit a sholáthar don ghearánaí ar an gcéad chursa eile den chineál sin, a bheadh ag tosú go luath in 2024. Freastalaíodh ar an ngearánaí dá réir sin).

Saincheist eile a bhain le Roghnúchán do Chúrsa

Bhí an gearánaí seo míshásta le critéir a bhí leagtha síos chun áit a fháil ar Chúrsa áirithe d'ONC. De réir na gcritéir seo, bheadh air toradh sásúil a bhaint amach i dtástáil corpacmhainne “laistigh de 12 seachtaine roimh thús an chúrsa” (agus ní raibh ar a chumas é seo a dhéanamh mar bhí sé gortaithe ag an am), agus bhí sé míshásta freisin gur baineadh ‘casadh beag’ as na critéir sin chun freastail ar bhall d'ÓÉ a bhí ag iompar clainne.

Áiríodh i dtuairimí agus conclúidí OÓÉ an méid seo a leanas: -

- (i) Tugadh isteach GRO 04/2015 ar 4 Márta de bhun DFR. Dearadh é (inter alia) chun go mbeidh ar chumas comhaltaí ÓÉ atá torrach, páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí OÉ chomh fada agus is féidir chun go gcuirfear isteach an méid is lú ar a n-ionchas gairme, agus chun a bheith cinnte go bhfuiltear ag comhlíonadh na reachtaíochta ábhartha. Faoi mar a thuigfeá, ciallaíonn sé sin go mbíonn feidhm ag rialacha difriúla, nó go maolaítear na rialacha i gcúinsí áirithe, - ar nós

critéir a bhaineann le riachtanais do chúrsaí – do phearsanra fireann agus baineann, ar thaobh amháin, agus do phearsanra atá ag iompar clainne, ar an taobh eile.

- (ii) Go bunúsach, is éard a mhaígh an gearánaí ná gur leatrom neamhcheadaithe air (agus dá réir sin, ar mhná nach bhfuil torrach), an riachtanas iontrála don chúrsa ONC - Tástáil Corpacmhainne a shásamh laistigh de thréimhse 12 mí – a mhaolú nó a athrú chun freastail ar shrianta fisiciúla agus sláinte a bhaineann le toircheas. Ní raibh an tOÓÉ sásta gur tuairim inbhuanaithe é seo, mar faoin dlí, tá dualgas ar fhostóir foráil cheart a dhéanamh chun leatrom i gcoinne mná atá torrach a dhíbirt. Más amhlaidh go ndearfaí na rialacha iontrála ionas nach bhféadfadh ach daoine sláintiúla ar lánchumas iad a shásamh, bheadh leatrom i gcoinne ban torrach i gceist leis seo mar gheall ar na srianta fisiciúla a ghabhann le toircheas de ghnáth, ag brath ar éilimh fhisiciúla an chúrsa faoi chaibidil.





Gintear Fógra Gearáin nuair a chuirtear isteach an gearán go dtí Óglaigh na hÉireann, agus cuirtear cóip ar aghaidh go dtí OÓÉ. NÍ atreorú chuig OÓÉ atá i gceist leis seo.





Roghnúchán Cúrsa

Diúltaíodh don iarratas a rinne an gearánaí ar áit ar Chúrsa Loga d'ONC Sin. mar (a) níor shroich sé an oifig chuí in am, (b) bhí an Cúrsa Oiliúna ar an Láimhsiú Sábháilte a bhí déanta aige as dáta agus ní fhéadfaí é a dhéanamh roimh an spriocdháta d'iarratais, agus (c) ní fhéadfaí an tástáil corpacmhainne riachtanach a dhéanamh roimh an spriocdháta sin.

Déanta na fírinne, cuireadh isteach iarratas an ghearánaigh 2 lá roimh an spriocdháta ach dúradh leis go raibh sé leagtha síos i treoir in 2019 (RO Uimh. 05/2019) go mba chóir iarratais a chur isteach “5 (cúig) lá oibre, ar a laghad, roimh an spriocdháta mar a bhí foilsithe san Gnáthrialacha (RO)”.

San RO 2023 ina raibh an fógra don Chúrsa Loga d'ONC Sinsearach agus ar chuir an gearánach isteach air, agus a bhí le feiceáil ar chlár fógra sa Seomra Ord, luadh an spriocdháta agus ní dhearnadh aon tagairt don treoir 2019 a deireann go mba chóir iarratais a chur isteach 5 lá, ar a laghad, roimh an spriocdháta.

Thug OÓÉ breith i leith an ghearánaigh maidir leis an fhadhb a bhain leis an spriocdháta, leis an MHC agus leis an riachtanas corpacmhainne.

Dúirt sé: -

- (i) Bhí an ceart ag an ngearánach a iarratas a ullmhú agus a chur isteach don Chúrsa Loga d'ONC Sin. ar an mobnn go raibh an t-eolas san Fhógra RO 32/2023 ceart agus cruinn, agus go gcloífear leis na coinníollacha ann, agus go háirithe leis an spriocdháta 16 Lúnasa a bhí luaite ann. Níor díríodh aird an ghearánaigh ar aon athrú ar an spriocdháta.
- (ii) Theip go mór ar an gcumarsáid nuair nár cuireadh in iúl d'iarratasóirí ar an gcúrsa – an gearánach ina measc – go raibh an “riail 5 lá” i bhfeidhm maidir le gach nó le roinnt catagóirí d'iarratasóirí.
- (iii) Dúirt an Captaen (folamh) go raibh an fógra 6/3/2019 le feiceáil ar an gclár fógra taoh amuigh den Seomra Ord 5, ach ní fhaca an gearánach é. Lena chois sin, níor crochadh an fógra ar an gclár fógra ar 25 Meán Fómhair 2023 (mar a dheimhníodh i ngrianghraif a chuir an gearánach ar fáil) nuair a d'iarr OÓÉ go seiceálfaí é seo.

- (iv) Chinnn OÓE mar sin, nár dócha go raibh an fógra 6/3/2019 ar crochadh ar 14 Lúnasa 2023 nó sna laethanta sin, agus mar sin, ní raibh deis réasúnta aige foghlaim faoin “riail 5 lá”.
- (v) Fiú dá mba rud é go raibh fógra 06/03/2019 ar taispeáint ar an gClár Fógra am éigin roimh 14 Lúnasa 2023, bhí dualgas orthu siúd a bhí i mbun riaracháin an chúrsa (lena n-áirítear gnéithe iontrála don chúrsa), cinnte a dhéanamh de go mbeadh iarratasóirí ar an eolas (agus go meabhrófaí dóibh) faoin spriocdháta a bhí 5 lá roimh an dáta luaite, 16 Lúnasa 2023. An bealach is fearr agus is follasaí chun an t-eolas riachtanach a chur in iúl ná é a chur san áireamh leis an gcuid eile den doiciméad treorach. Fógra míshoiléir, a d’fhéadfaí a fheiceáil agus a léamh ag an am ábhartha, ach arís eile, d’fhéadfadh sé tarlú nach bhfeicfí é (agus is dócha nach raibh sé ar taispeáint), ní shásaíonn sé sin an dualgas atá ann a leithéid d’eolas ríthábhachtach a chur in iúl d’iarratasóirí.
- (vi) Nuair a chuirtear san áireamh gur diúltaíodh d’iarratas an ghearánaigh go míchothrom mar bhí sé ródhéanach – mar níor shásaigh sé an ‘riail 5 lá’ – chiallaigh sé sin go raibh na cúiseanna breise a luaigh an Seomra Ord iomarcach, is é sin,

go raibh an cúrsa ar láimhsiú sábháilte (MHC) a rinne sé as dáta agus nach ndéanfaí athbhreithniú air roimh an spriocdháta oifigiúil 16 Lúnasa 2023. Ní raibh an fhaisnéis seo ceart mar, de réir ailt 7 (f) den Chúrsa Loga d’ONC Sin, TS Logs 67/2020, bhí sé riachtanach go mbeadh an cúrsa MHC críochnaithe roimh dháta tosaigh an chúrsa. Mar a tharla sé, bhí an cúrsa MHC déanta ag an ngearánach i bhfad roimh dáta tosaigh an chúrsa.

- (vii) Chomh maith céanna, ní raibh an t-eolas a tugadh don ghearánach, go mbeadh gá le tástáil corpacmhainne a dhéanamh laistigh de 12 mí ó dháta an iarratais ceart. Deirtear i TS Logs 67/2023 – an Chritéir Incháilitheachta a bhí le húsáid – gur chuimsigh an 12 mí seo an t-am suas go dtí dáta tosaigh an cúrsa, agus bhí an choinníoll comhlíonaithe ag an ngearánach.
- (viii) As na cúiseann thuasluaite, sheas OÓE leis an ngearán seo agus chinn sé go nearnadh éagóir ar an ngearánach, agus go mbeadh torthaí suntasacha aige seo ar a dhul chun cinn gairmiúil.

Mhol OÓE go dtabharfaí áit don ghearánach ar an gcéad Chúrsa Loga d’ONC eile “más amhlaidh go gcomhlíonfar na critéir riachtanacha.”



Ardú Céime Inmholta

Fóráiltear i DFRA A10 (alt 38) agus Ionst. Riaracháin Pointe 10 (alt 305) go dtabharfar ardú céime don ghrád Ceannaire as “seirbhís inmholta nó iompar seirbhíse den scoth”, sa chás go bhfuil “seirbhís fhada agus dhílis” tugtha ag an gcomhalta ÓÉ, agus má mheastar nach bhfuil sé oiriúnach dóibh, de bharr aoise, Cúrsa ONC a dhéanamh, mar a dhéantar de ghnáth chun an t-ardú céime sin a fháil.

Rinne an gearánach (a raibh 42 bliain seirbhíse aige in ÓÉ) gearán faoin gcinneadh a rinneadh gan Ardú Céime Inmholta a bhronnadh air toisc nach raibh sé ar seirbhís thar lear. Bhí sé ar seirbhís thar lear uair amháin i bhfad roimhe sin. Bhí sé míshásta freisin gur cuireadh an cinneadh sin in iúl dó i nglaoch gutháin a mhair “deich soicind”, mar a dúirt sé.

Sheas OÓÉ leis an ngearán seo. Dúirt sé an méid seo a leanas: -

- (i) Tá an chuma ar an gcinneadh seo a rinneadh i mí na Nollag (bliain), diúltú d’iarratas an ghearánaigh ar ardú céime inmholta, go ndearnadh gan bhunús é. Rinneadh an cinneadh ag leibhéal an OC. Mar sin, níorbh fhéidir measúnú foriomlán a dhéanamh maidir le hoiriúnacht don ardú céime seo. Dá

mba rud é go ndéanfaidh an Leas-Cheann Foirne (Tacaíocht) an cinneadh, seans go mbeadh dea-thoradh air. Chuir an Captaen (folamh) liosta le chéile de na nithe a d’fhéadfaí a chur san áireamh nuair a bheadh an cinneadh á dhéanamh ag an Leas-Cheann Foirne (Tacaíocht), agus ní raibh sa tseirbhís thar lear ach pointe amháin i liosta fada, agus ní deirtear gur bunriachtanas í.

- (ii) Chomh maith leis an gcinneadh a rinneadh in mí na Nollag (bliain) agus an chuma go bhfuil sé gan bhunús, is cúis imní í go gcuirfí in iúl do chomhalta ÓÉ, a bhfuil os cionn 40 bliain de sheirbhís dhílis aige, i nglaoch gutháin a mhair “deich soicind”, gur diúltaíodh don iarratas a rinne sé ar ardú céime inmholta. Bhí sé tuilte aige go mbeadh cruinniú pearsanta aige lena OC (nó le hoifigeach eile) ar a laghad, agus go dtabharfaí míniú iomlán dó ar na cúiseanna don diúltú. Ar an drochuair, ní bhfuair sé é seo. Dá dtarlódh sé, seans go mbeadh dóthain muiníne ag an ngearánach iarratas a chur isteach an athuair.

Mhol OÓÉ go ligfí don ghearánach iarratas eile a dhéanamh agus go dtabharfaí cúnamh dó an t-iarratas a chomhlánaú.

Saincheist Cumarsáide

Maidir le hiarrataóir nár éirigh leis áit a fháil ar chúrsa agus a rinne gearán nár cuiradh in iúl, dó na cúiseanna nár éirigh leis, dúirt OÓÉ an méid a leanas: -

- (i) Le blianta beaga anuas, tagann sé chun cinn go ndéantar gearán maidir le mainneachtain iarratasóirí a chur ar an eolas nuair nach n-éiríonn leo áit a fháil ar Chúrsaí Gairme agus Oiliúna, agus i gComórtais Ardú Céime, laistigh de thréimhse ama réasúnta, nó, go deimhin, tarlaíonn sé corruair nach dtugtar aon eolas ina leith dóibh. Tarlaíonn sé freisin nach gcuirtear in iúl dóibh cén fáth nár éirigh leo. Tá na hiarratasóirí seo i dteideal eolas a fháil maidir leis an toradh agus na cúiseanna don toradh laistigh de thréimhse ama réasúnta, ar mhaithe le macántacht agus cothromas. Mhol OÓÉ 7 lá mar ghnáth-thréimhse ama a bheadh réasúnta. Chreid sé freisin go mba chóir, mar

bhunriachtanas, go gcuireadh an tOC, nó oifigeach ainmnithe eile, é seo in iúl don iarratasóir nár éirigh leis nó léi. Is dócha go gcuireadh a leithéid de chleachtas deireadh le mórán de na gearáin seo agus chabhródh sé leis an bpian agus an ngoimh a bhíonn ann nuair nach roghnaítear duine.

D’fhéadfaí an rogha ‘paráide’ a úsáid chomh maith le fógra scríofa, ach d’fhéadfadh sé tarlú nach féidir ‘paráidiú’ a dhéanamh go tráthúil.

- (ii) Mhol OÓÉ go gcuirfí i bhfeidhm an cleachtas seo - iarratasóirí neamhrathúla a chur ar an eolas i scríbhinn laistigh de 7 lá, nuair nach roghnaítear iad ar Chúrsaí Gairme agus Oiliúna, agus do Chomórtais Ardú Céime.

Ghlac an tAire leis an Moladh seo.

Marcanna a bronnadh i gComórtas Ardú Céime

Bhí an gearánach míshásta maidir leis na marcanna a tugadh dó faoi cheannteidil catagóire faoi leith i gComórtas Ardú Céime.

Níor sheas OÓÉ leis an ngearán seo. Dúirt sé an méid a leanas:

- (i) Ní ealaín bheacht í marcanna a thabhairt d'iarratasóirí faoi na catagóirí éagsúla i gComórtas Ardú Céime, agus ní féidir a bheith ag súil lena leithéid go réasúnta. An rud atá tábhachtach, áfach, ná go ndeantar na rialacha agus na treoirlínte sa phróiseas chun cothromas a chinntiú agus chun go seachnaítear leithcheal agus fabhraíocht.
- (ii) Cé go bhfuil difear suntasach le feiceáil idir na Scóir atá ar Comhad agus a tugadh san Agallamh do “Taithí agus Rannpháirtíocht Mhíleata”, agus d’fhéadfaí a thuiscint as seo gur tharla earráid, d’fhéadfadh sé tarlú, mar sin féin, go n-éireodh thar barr le hiarratasóir in agallamh agus go bhfaigheadh sé nó sí scór níos airde ná mar atá san Athbhreithniú ar Comhad. Mar bheartas sábháilteachta, déanann an triúr ball den Bhord gach comhad a mheasúnú as féin agus ina n-aonair. Ansin déantar méan na trí scór a ríomh. Ina theannta sin, má bhronnann ball amháin scór atá i bhfad níos lú nó níos airde, déanfaidh an triúr le chéile é seo chíoradh agus a phlé. Ar an dóigh sin, tá an próiseas deartha chun go mbeidh sé chomh cothrom agus is féidir.

I ngearán eile atá cosúil leis an gceann thuas, fuair an gearánach an toradh a leanas ó OÓÉ: -

- (i) Ós rud é go gcuirtear na boird roghnúcháin le chéile ar bhealaí éagsúla, bheadh sé míréasúnta agus dodhéanta a bheith ag súil le comhréireacht iomlán idir na marcanna a bhronntar ar iarratasóir in dhá chomórtas roghnúcháin éagsúla le haghaidh cúrsaí oiliúna (do chúrsaí atá cosúil lena chéile). Ach, sa chás seo, is féidir a thuiscint as an laghdú an-suntasach a chonacthas i roinnt critéir i gcomórtas a tharla le déanaí, i gcomparáid le comórtas eile den chineál sin a tharla roinnt míonna roimhe seo, nach léiriú cóir agus réasúnta é an toradh sin don ghearánach.
- (ii) Tá tacaíocht ann don chonclúid seo mar d’éirigh leis an ngearánach san achomharc a rinne sé ar na marcanna a fuair sé, go háirithe nuair a chonacthas

an méadú ard a bhí ann sna critéir Taithí Mhíleata, Iompar agus Taithí Thar Lear. Ar an drochuair, in éagmais cinneadh achomhairc scríofa, ní fios cad a bhí ba chúis leis na marcanna seo a ardú go suntasach (agus an fáth nár ardaíodh cinn eile).

- (iii) Rinneadh éagóir ar an ngearánach nuair nár cuireadh cinneadh scríofa chuige maidir leis an achomharc a rinne sé, mar a éilítear faoi 505 (f) den Ionstaim Riaracháin A.10.
- (iv) Dar ndóigh, d’fhéadfadh sé go raibh roinnt de na marcanna a bronnadh míchruinn agus míchuí amach is amach (rud a bhí luaite ag an MIO). Ach ní dócha gur tharla a leithéid agus ní raibh sé mar ábhar don imscrúdú seo agus ní raibh sé á imscrúdú ag an MIO ach an oiread.


Mhol OÓÉ go roghnaífaí an gearánach seo don chéad chúrsa eile den chineál sin.

Ghlac an tAire leis an Moladh seo.





Cuireadh 41 cás ar aghaidh go díreach chuig OÓÉ le haghaidh imscrúdaithe. Is féidir le Comhaltaí ar Seirbhís agus le Comhaltaí ar Scor Atreorú Díreach a dhéanamh.



4 Gnóthaí Corparáideacha

Foireann

Seo a leanas foireann OÓÉ:

- Brian O'Neill, Ceann Oifige.
- Lorraine O'Dwyer, Cásbhainisteoir.
- John Sheridan, Oifigeach Feidhmiúcháin.

Athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha Airgeadais

Cosúil le hOifigí eile a fhaigheann maoiniú poiblí, rinne an OÓÉ athbhreithniú foirmiúil ar Rialuithe Inmheánacha Airgeadais in 2022. Cuireadh an t-athbhreithniú seo ar fáil don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Tá córas buiséadach cuimsitheach i bhfeidhm agus déantar treochtaí caiteachais a athbhreithniú ar bhonn ráithiúil i gcomhar le cuntasóirí seachtracha an OÓÉ. .

Cosaint Sonraí

Tá Oifig an OÓÉ cláraithe leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí.

Ba chóir a thabhairt faoi deara freisin go gcuirtear forálacha rúndachta faisnéise i bhfeidhm ar an ODF faoi alt 10 den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004 mar a leanas:

- 10.—(1) An tOmbudsman nó ball d'fhoireann an Ombudsman (lena n-áirítear oifigeach imscrúdúcháin) aon ní a nochtadh faisnéis, doiciméad, cuid de dhoiciméad nó rud a fhaigheann an Ombudsman nó oifigeach imscrúdaithe i gcúrsa, nó thar ceann an chun críche réamhscrúdaithe nó imscrúdaithe faoi seo Acht ach amháin chun críocha an—
- (a) an réamhscrúdú nó an t-imscrúdú lena mbaineann,
 - (b) aon ráiteas a dhéanamh, de réir an Achta seo, tuarascáil nó fógra faoin réamhscrúdú sin nó an t-imscrúdú sin, nó
 - (c) imeachtaí i leith ciona faoin Acht um Rúin Oifigiúla 1963 a líomhnaítear a bheith déanta ina leith faisnéis nó doiciméad,

cuid de dhoiciméad nó rud faighte ag an Ombudsman nó ag oifigeach imscrúdaithe de bhua an Achta seo.

- (2) An tOmbudsman nó ball d'fhoireann an Ombudsman (lena n-áirítear oifigeach imscrúdúcháin) ní iarrfar orthu fianaise a thabhairt in aon imeachtaí, seachas imeachtaí dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(c)*, i dtaobh nithe a thagann ar eolas aige nó aici le linn réamhscrúdaithe nó imscrúdaithe faoin Acht seo.
- (3) (a) Féadfaidh an tAire fógra i scríbhinn a thabhairt don Ombudsman, maidir le haon doiciméad, cuid de dhoiciméad, faisnéis nó rud a shonraítear san fhógra, nó aon aicme de dhoiciméad, mar chuid de dhoiciméad, faisnéis nó rud mar sin sonraithe, go bhfuil, i dtuairim an Aire, an nochtadh (seachas don Ombudsman nó do chomhalta dá chuid nó a foireann lena n-áirítear oifigeach imscrúdaithe) de sin doiciméad, an chuid sin de dhoiciméad, an fhaisnéis sin nó an rud sin nó de dhoiciméid, codanna de dhoiciméad, faisnéis nó rudaí den aicme sin, bheadh, ar na cúiseanna sonraithe san fhógra, dochar a dhéanamh do leas an phobail nó le slándáil.
- (b) I gcás ina dtabharfar fógra faoin bhfo-alt seo, ní bheidh aon ní I forléireofar an tAcht seo mar ní a údaráíonn nó a éilíonn an Ombudsman chun cumarsáid a dhéanamh le haon duine nó le haon duine críche aon doiciméad, cuid de dhoiciméad, faisnéis nó an rud a shonraítear san fhógra nó in aon doiciméad, cuid de doiciméad, faisnéis nó rud d'aicme a shonraítear amhlaidh.
- (4) I gcás ina dtabharfar fógra faoi fho-alt (3) (a), ní nochtfaidh an tOmbudsman ná comhalta d'fhoireann an Ombudsman (lena n-áirítear imscrúdú oifigeach) aon—
 - (a) doiciméad, cuid de dhoiciméad, faisnéis nó rud sonraithe san fhógra, nó
 - (b) aicme doiciméid, cuid de dhoiciméad, faisnéis nó rud a shonraítear san fhógra, le haon

duine nó chun aon chríche agus ní bheidh aon ní an Acht seo a fhorléiriú mar ní a údaráíonn nó a éilíonn an tOmbudsman nó comhalta d'fhoireann an Ombudsman (lena n-áirítear oifigeach imscrúdaithe).

Comhairle Bharra na hÉireann

Tá an OÓÉ cláraithe faoin Scéim um Rochtain Ghairmiúil Dhíreach de chuid Chomhairle Bharra na hÉireann. Úsáideann an OÓÉ seirbhísí abhcóidí chun comhaid chás a athbhreithniú i gcúinsí cuí.

Sláinte & Sábháilteacht

Tá Ráiteas Sláinte & Sábháilteachta i bhfeidhm ag OÓÉ.

Saoráil Faisnéise

Faoi fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise (SF) 2014 tá sé de cheart ag daoine aonair:

- Teacht ar thaifid atá i seilbh Roinn Rialtais nó comhlachtaí poiblí áirithe, lena n-áirítear an ODF;
- Iarratas ar cheartú faisnéise pearsanta a bhaineann le duine atá i seilbh Roinn Rialtais nó comhlachtaí poiblí áirithe, lena n-áirítear

an ODF, i gcás ina bhfuil sé míchruinn, neamhiomlán nó míthreorach;

- Cúiseanna a fháil le cinneadh a rinne Roinn Rialtais nó comhlachtaí poiblí áirithe, lena n-áirítear an ODF, i gcás ina ndéanann an cinneadh difear do dhuine aonair.

Cad iad na taifid ar féidir liom a iarraidh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise?

Faoi réir fhorálacha an Achta Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004 atá sonraithe thíos, is féidir le duine aonair na taifid seo a leanas atá i seilbh an ODF a iarraidh:

- Aon taifid a bhaineann le duine aonair go pearsanta, pé uair a cruthaíodh iad;
- Aon taifid eile a cruthaíodh ó bunaíodh an ODF i mí na Nollag 2005.

Is féidir a bheith i gceist le 'taifead' ná doiciméad páipéir, faisnéis a choinnítear go leictreonach, asphriontaí, léarscáileanna, pleananna, micreascannán, etc.



Faisnéis a bhfuil cosc uirthi faoin Alt 10 den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004

Déileáilann Alt 10 le rúndacht na faisnéise a bhailíonn an OÓÉ i ndáil le gearáin a imscrúdaítear nó atá á bhfiosrú. Deir sé:

“10.-(1) TNí nochtfaidh an tOmbudsman nó comhalta d’fhoireann an Ombudsman (lena n-áirítear oifigeach imscrúdaithe) aon fhaisnéis, doiciméad, cuid de dhoiciméad nó ní a gheobhaidh an tOmbudsman nó oifigeach imscrúdúcháin i gcúrsa, nó chun críche, réamh-imscrúdú nó imscrúdú faoin Acht seo ach amháin chun críocha—

(a) an réamhscrúdú nó an t-imscrúdú lena mbaineann,

- (b) aon ráiteas, tuarascáil nó fógra faoin réamhscrúdú sin nó faoin imscrúdú sin a dhéanamh, de réir an Achta seo, nó
- (c) imeachtaí i leith ciona faoin Acht um Rúin Oifigiúla 1963 a líomhnaítear a bheith déanta i leith faisnéise nó doiciméid, cuid de dhoiciméad nó rud a fuair an tOmbudsman nó oifigeach imscrúdúcháin de bhua an Achta seo.”

Go simplí, ní bhaineann an tAcht um Shaoráil Faisnéise ach leis na comhaid riaracháin atá i seilbh an Ombudsman d’Óglaigh na hÉireann. Níl comhaid imscrúdaithe faoi réir fhorálacha an Achta um SF.



4 AN tACHT OMBUDSMAN (Óglaigh na hÉireann) 2004

Uimhir 36 de 2004

AN tACHT OMBUDSMAN (Óglaigh na hÉireann) 2004

RIAR NA nALT

Alt

1. Léiriú..
2. Ombudsman a cheapadh.
3. Luach saothair agus aoisliúntas..
4. Feidhmeanna an Ombudsman.
5. Eisiamh.
6. Gearán chuig an Ombudsman.
7. Tuarascálacha.
8. Doiciméid, faisnéis, etc. a thabhairt ar aird.
9. Imscrúduithe s sheoladh.
10. Rúndacht na faisnéise.
11. An Coiste um Chuntais Phoiblí.
12. Coistí Oireachtais.
13. Leasú ar alt 114 d'Acht 1954.
14. Foireann.
15. Oifigigh imscrúdaithe.
16. Cuntais agus iniúchtaí.
17. Rialacháin.
18. Costais.
19. Gearrtheideal agus tosach feidhme.

[Uimh. 36.] An tAcht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) [2004.]

Na hAchtanna dá dtagraítear

Acht Choimisinéirí na Státseirbhíse 1956	1956, Uimh. 45
Acht Rialaithe na Stát-Sheirbhíse 1956	1956, Uimh. 46
Achtanna Rialacháin na Státseirbhíse 1956 go 1996	
Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993	1993, Uimh. 8
An tAcht Cosanta 1954	1954, Uimh. 18
An tAcht Cosanta (Leasú) 1990	1990, Uimh. 6
An tAcht Cosanta (Leasú) (Uimh. 2) 1960	1960, Uimh. 44
An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa 1997	1997, Uimh. 2
An tAcht um Rúin Oifigiúla 1963	1963, Uimh. 1
An tAcht Ombudsman 1980	1980, Uimh. 26
Acht Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha)	2004, No. 7

Uimhir 36 de 2004

AN tACHT OMBUDSMAN (ÓGLAIGH NA hÉIREANN) 2004

ACHT INA bhFORÁILTEAR DO CHEAPACHÁN AGUS D'FHEIDHMEANNA OMBUDSMAN D'ÓGLAIGH NA hÉIREANN, A LEASAÍONN AN tACHT COSANTA 1954 AGUS INA bhFORÁILTEAR DO NITHE BAINTEACHA.
[10ú Samhain, 2004]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

1.—(1) San Acht seo, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt—

ciallaíonn “Acht 1954” an tAcht Cosanta 1954;

ciallaíonn “Acht 1980” an tAcht Ombudsman 1980;

ciallaíonn “gníomh”. —

- (a) aon ghníomh a dhéanfar nó aon cinneadh arna dhéanamh ag duine nó thar ceann duine dá dtagraítear i mír (a), (b) nó (c) d’alt 6(1) nó mír (a), (b) nó (c) d’alt 6(2), nó
- (b) mainneachtain ag duine nó thar ceann duine dá dtagraítear i mír (a), (b) nó (c) d’alt 6(1) nó i mír (a), (b) nó (c) d’alt 6(6). 2) gníomh a dhéanamh nó cinneadh a dhéanamh,

ach ní fholáíonn sé gníomh nó cinneadh dá dtagraítear i mír (a) nó mainneachtain gníomh a ndhéanamh nó cinneadh dá dtagraítear i mír (b) a bhaineann le slándáil nó míleata nó a dhéanann difear oibríocht;

“tá le státseirbhíseach” an bhrí a shanntar dó le hAcht Rialaithe na Státseirbhíse 1956 ach chun críocha ailt 4(7), 6(1)(c), 6(2)(c) agus 9(2) tagairt do déanfar státseirbhíseach a fhorléiriú mar thagairt do státseirbhíseach atá nó a bhí fostaithe mar státseirbhíseach sa Roinn Cosanta agus chun críocha alt 6 bainfidh caingean arna dhéanamh ag státseirbhíseach nó thar ceann státseirbhíseach le comhlíonadh feidhmeanna riaracháin ag an státseirbhíseach sin sa Roinn Cosanta;

ciallaíonn “gearánach” duine a dhéanann gearán faoi alt 6;

ciallaíonn “gearán” gearán arna dhéanamh de réir alt 6;

ciallaíonn “Óglaigh na hÉireann” na Buan- Óglaigh dá dtagraítear in alt 19 d’Acht 1954 agus na hÓglaigh Cúltaca dá dtagraítear in alt 20 d’Acht 1954;

folaíonn “feidhmeanna” cumhachtaí agus dualgais agus folóidh tagairt do chomhlíonadh

feidhme, maidir le cumhachtaí, tagairt d’fheidhmiú cumhachta;

tá le “oifigeach imscrúdaithe” an bhrí a shanntar le halt 15;

ciallaíonn “oibríocht mhíleata”.—

- (a) seirbhís ghníomhach de réir bhrí alt 5 d’Acht 1954,
- (b) seirbhís ghníomhach dá bhforáiltear in alt 4(1) den Acht Cosanta (Leasú) (Uimh. 2), 1960,
- (c) dualgais oibríochtúla ar muir, nó
- (d) cúnamh a sholáthar don chumhacht shibhialta;

“ciallaíonn an tAire” an tAire Cosanta;

ciallaíonn “Ombudsman” an duine a cheapfar mar Ombudsman don Óglaigh na hÉireann faoi alt 2(2);

ciallaíonn “slándáil” slándáil nó cosaint an Stáit;

tá le “binse seirbhíse” an bhrí a shanntar dó le halt 161 d’Acht 1954;

(2) San Acht seo—

- (a) aon tagairt d’alt is tagairt í d’alt den Acht seo, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’achtachán éigin eile atá beartaithe,
- (b) aon tagairt d’fho-alt nó do mhír is tagairt í don fho-alt nó don mhír den fhoráil ina bhfuil

an tagairt, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d'fhoráil éigin eile atá beartaithe, agus

- (c) déanfar, , mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, tagairt d'aon achtachán a fhorléiriú mar thagairt don achtachán sin arna leasú, arna oiriúnú nó arna leathnú le haon achtachán dá éis sin nó faoi.

2.—(1) Tá oifig Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann bunaithe agus tabharfar an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann ar shealbhóir na hoifige.

- (2) Is é an tUachtarán ar mholadh ón Rialtas a dhéanfaidh duine a cheapadh chun bheith ina Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann.
- (3) Faoi réir an Achta seo, beidh duine a faoi fho-alt (2) i seilbh oifige ar cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnefidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais.
- (4) Maidir le duine a cheapfar chun bheith ina Ombudsman—

- (a) féadfaidh an tUachtarán, arna iarraidh sin dó nó di féin, an tUachtarán a scaoileadh as oifig,

- (b) féadfaidh an tUachtarán é a chur as oifig ach ní dhéanfar S.2 a chur as oifig ach amháin i gcás mí-iompair, éagumais nó féimheachta sonraithe i gcás ina bhfuil moladh ag an Rialtas go gcuirfí as oifig é, agus

- (c) déanfaidh sé, i gcás ina bhfuil feidhm ag fo-alt (8), an oifig a fhágáil ar an aois fhorordaithe a shlánú.

- (5) Faoi réir an ailt seo, beidh duine a cheapfar chun bheith ina Ombudsman i seilbh oifige ar feadh cibé téarma a shonrófar san ionstraim ceapacháin nach faide ná 7 mbliana an téarma sin agus féadfaidh an duine sin a bheith in-athcheaptha chun na hoifige. Ar feadh an dara téarma nó téarma ina dhiaidh sin.

- (6) Más é an duine a shealbhaíonn oifig an Ombudsman—



- (a) arna ainmniú mar chomhalta de Sheanad Éireann, nó
 - (b) tofa mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó do Pharlaimint na hEorpa, nó
 - (c) a mheastar, de bhun Chuid XIII den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa 1997, é a bheith tofa do Pharlaimint na hEorpa, nó
 - (d) a thiocfaidh chun bheith ina chomhalta d'údarás áitiúil, scoirfidh an duine sin air sin de bheith i seilbh oifig an Ombudsman.
- (7) Aon duine a bheidh de thuras na huairé i dteideal faoi Bhuan-Orduithe cheachtar Tí den Oireachtas suí sa Teach sin, nó is comhalta de Pharlaimint na hEorpa nó d'údarás áitiúil beidh sé nó sí, fad a bheidh sé nó sí i dteideal nó ag feidhmiú amhlaidh. comhalta den sórt sin, a bheith dícháilithe chun oifig an Ombudsman a shealbhú.
- (8) Maidir le haon duine nach iontrálaí nua é (de réir bhrí an Achta um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2002) féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, an aois a fhorordú ag a fhágfaidh duin oifig de bhun fhoráil o is not a new (4) (c).
- (9) Ní bheidh duine a shealbhaíonn oifig an Ombudsman ina chomhalta d'Óglaigh na hÉireann nó ina státseirbhíseach.

3.—(1) Íocfar le sealbhóir oifige an Ombudsma cibé luach saothair agus liúntais le haghaid caiteachas a chinnfidh an tAire ó am go ham l toiliú an Aire Airgeadais.

- (2) Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, scéim nó scéimeanna a dhéanamh agus a chur i gcrích, de réir a téarmaí, chun sochair aoisliúntais a dheonú do dhaoine a shealbhaigh oifig an Ombudsman nó ina leith. de réir mar is cuí leis nó léi.
- (3) Socróidh scéim dá dtagraítear i bhfo-alt (2)


an t-am scoir agus na coinníollacha scoir do dhaoine a mbeidh sochair aoisliúntais iníoctha ina leith faoin scéim, agus féadfar tráthanna agus coinníollacha éagsúla a shocrú i leith aicmí éagsúla daoine.

- (4) Féadfaidh an tAire tráth ar bith, le toiliú an Aire Airgeadais, scéim nó scéimeanna a dhéanamh agus a chur i gcrích ag leasú nó ag cúlghairm scéime faoin alt seo.
- (5) Ní dheonóidh an tAire aon sochar aoisliúntais ná ní dhéanfaidh an tAire aon chomhshocraíocht eile chun sochar den sórt sin a sholáthar don ina leith ar shlí seachas de réir scéime. faoin alt seo nó, má cheadaíonn an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, sochar den sórt sin a dheonú, do réir an smachtbhanna sin.
- (6) Leagfar scéim faoin alt seo faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithé is féidir tar éis a déanta agus, má ritheann ceachtar Teach den sórt sin rún ag neamhniú na scéime laistigh den 21 lá ina dhiaidh sin a bheidh an Teach sin ar bun. shuífidh tar éis an scéim a leagan faoina bráid, déanfar an scéim a neamhniú dá réir sin ach gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoi.
- (7) I gcás ina n-éireoidh díospóid i dtaobh éileamh aon duine ar aon sochar aoisliúntais, nó maidir le méid aon sochair aoisliúntais de bhun scéime nó scéimeanna faoin alt seo, cuirfear an díospóid sin faoi bhráid an Aire agus tarchuirfidh an tAire í chun an Aire. Aire Airgeadais, agus is cinneadh críochnaitheach a cinneadh.
- (8) San alt seo, ciallaíonn “sochar aoisliúntais” pinsean, aisce nó liúntas eile is iníoctha ar éirí as, ar scor nó ar bhás.

4.—(1) Beidh an tOmbudsman neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna, agus beidh aird chuí aige i gcónaí ar cheanglais oibríochtúla Óglaigh na hÉireann.



- (2) Faoi réir an Achta seo, féadfaidh an tOmbudsman aon ghníomh is ábhar do ghearán a rinne duine a ndéanann an gníomh difear dó nó di imscrúdú a dhéanamh más rud é, tar éis dó réamhscrúdú a dhéanamh ar an ábhar, gur dealraitheach don Ombudsman go bhfuil.—
- (a) go ndearna nó go bhféadfadh go ndearna an gníomh dochar don ghearánach,
- (b) go ndearnadh nó go bhféadfadh an gníomh a bheith— (i) gan údarás cuí,
- (ii) a thógtar ar fhorais nach mbaineann le hábhar,
- (iii) toradh na faillí nó na heaspa,
- (iv) atá bunaithe ar fhaisnéis earráideach nó neamhiomlán,
- (v) idirdhealaitheach go míchuí,
- (vi) míréasúnta, d’ainneoin chomhthéacs na timpeallachta míleata a bheithníú,
